Aonad 7

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Custaim

## Bileog Oibre le Dleacht Chustam agus CBL a Ríomh

**Freagraí**



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Iarrann na ceisteanna seo thíos ort a ríomh cén Cháin Bhreisluacha (CBL) agus Dleacht Chustam atá dlite agat ar earraí tomhaltóra éagsúla nuair a cheannaíonn tú ar líne iad ó thíortha lasmuigh den AE.

Ba chóir glacadh leis an méid seo thíos:

- Is é 12% an ráta Dleachta Custam (Braitheann an ráta Dleachta Custam atá i bhfeidhm ar an gcineál earraí agus ar an áit óna dtagann sé)
- Gearrtar Cáin Bhreisluacha ag an ráta caighdeánach 23%

**Nóta**

- Má tá **luach intreach** (luach na n-earraí amháin gan iompar, árachas agus táillí láimhseála san áireamh) **níos mó ná €150** ar d'earraí, beidh ort **Dleacht Chustam a íoc.**
- Is é an **luach custam** óna bhfaighimid Dleacht Chustam ná **costas na n-earraí móide: iompar** (postas san áireamh) agus aon **árachas** agus **táillí láimhseála** chun na hearraí a sheachadadh chuig an AE.
- Tá **CBL** le híoc ar earraí ag an **ráta** a bheadh le híoc dá **gceannófaí in Éirinn iad**. Is é **luach na n-earraí** chun an **CBL** dlite a **ríomh** ná an **luach custam** (a mhínítear thuas) móide aon **dleacht** nó **cáin eile (gan CBL san áireamh) atá le híoc** agus aon **chostais iompair, árachais** nó **láimhseála** tar éis do na hearraí teacht isteach san AE.

## Ceist 1



| | € |
|---|---|
| Bróga lúthchleasaíochta | 199.99 |
| Láimhseáil, iompar agus árachas | +15.00 |
| Luach ar mhaithe le Custaim | 214.99 |
| **Dleacht Chustam (12% = €214.99)** | **+25.80** |
| Luach ar mhaithe le CBL | 240.79 |
| **VAT (23% de €240.79)** | **55.38** |
| Táille láimhseála An Post/an chúiréara | +10.00 |
| **Costas Iomlán** | **306.17** |

## Ceist 2



| | € |
|---|---|
| Ceamara DSLR | 949.99 |
| Láimhseáil, iompar agus árachas | +10.00 |
| Luach ar mhaithe le Custaim | 959.99 |
| **Dleacht Custam (12% = €959.99)** | **+115.20** |
| Luach ar mhaithe le CBL | 1,075.19 |
| **VAT (23% de €1,075.19)** | **247.30** |
| Táille láimhseála An Post/an chúiréara | +20.00 |
| **Costas Iomlán** | **1,342.50** |

## Ceist 3




| | € |
|---|---|
| Uaireadóir spóirt | 30.00 |
| Láimhseáil, iompar agus árachas | 2.00 |
| Luach ar mhaithe le Custaim (Tá luach intreach níos lú ná €150) | 0 |
| **Dleacht Chustam (12%)** | **0** |
| Luach ar mhaithe le CBL (€30+€2) | 32.00 |
| **VAT (23% de €32)** | **7.36** |
| Táille láimhseála An Post/an chúiréara | +3.00 |
| **Costas Iomlán** | **42.36** |